**Ag déanamh scrúdú TEG**

Bíonn brú ag baint le scrúdú ar bith a dhéanamh ach uaireanta cuirtear leis an mbrú sin má bhíonn ort taisteal go hionad scrúdaithe nach bhfuil cur amach agat air. Sa cháipéis eolais seo déantar cur síos ar an leagan amach a bhíonn ar lá an scrúdaithe ó thús deireadh, ionas go mbeidh a fhios ag iarrthóirí céard leis ba cheart a bheith ag súil.

- Bíonn scrúduithe TEG ar siúl in ionaid éagsúla ar fud na tíre agus gheobhaidh tú eolas (éirchód, eolas maidir le páirceáil srl.) maidir leis an ionad a bheidh i gceist i do chás-sa ar an ríomhphost cúpla seachtain roimh lá an scrúdaithe. Má tá tú buartha faoin áit a bhaint amach nó faoin gcuma atá ar an áit, is féidir leat an t-ionad a chuardach ar Google Maps nó dul ann roinnt laethanta roimh an scrúdú leis an áit a fheiceáil.
- Ba cheart duit dul chuig an ionad scrúdaithe ar a laghad 10 nóiméad roimh thús an scrúdaithe.
- Molaimid d’iarrthóirí uisce a thabhairt leo agus a chinntiú go bhfuil cárta aitheantais acu (pas reatha, ceadúnas tiomána srl.).
- Nuair a bhainfidh tú an t-ionad amach, ba cheart go mbeadh comharthaí in airde a threoróidh tú chuig an áit a mbeidh do scrúdú ar siúl.
- Má tá feitheoir ann, déanfaidh an feitheoir do chárta aitheantais a sheiceáil agus síneoidh sé isteach thú freisin. Má bhíonn aon cheisteanna agat nó mura bhfuil tú cinnte faoi rud éigin, beidh an feitheoir ábalta cabhrú leat. I gcás ionaid níos mó, d’fhéadfadh níos mó ná feitheoir amháin a bheith i gceist – sa chás sin is féidir le ceachtar acu tú a chlárú. Má tá duine éigin á chlárú ag an bhfeitheoir cheana féin, beidh ort fanacht nóiméad nó dhó go dtí go mbeidh an feitheoir saor.
- Nuair a bheidh tú cláraithe, taispeánfar duit an áit a mbeidh tú ag fanacht agus fanfaidh tú ansin go dtí go dtiocfaidh an scrúdaitheoir amach chun tú a bhailiú. Má tá málaí/nótaí/uisce/caife/cóta/fón srl. leat, is féidir iad sin a thabhairt isteach sa seomra scrúdaithe agus a fhágáil ar leataobh.
- Mura bhfuil feitheoir ann, déanfaidh na scrúdaitheoirí do chárta aitheantais a sheiceáil agus síneoidh siad isteach thú. Sa chás sin, beidh ort fanacht go dtí go dtiocfaidh duine de na scrúdaitheoirí amach le fáilte a chur romhat. Beidh comharthaí in airde a léireoidh duit go bhfuil tú san áit cheart.
- Beirt scrúdaitheoirí a bhíonn sa scrúdú. Labhróidh duine amháin acu leat agus beidh an duine eile ag scríobh nótaí. Ní gá breathnú ar nó labhairt leis an scrúdaitheoir atá i mbun nótaí.
- Cuirfidh na scrúdaitheoirí fáilte romhat agus cuirfidh siad iad féin in aithne duit. Is ag an bpointe seo a mhíneofar cé leis a mbeidh tú ag labhairt sa scrúdú agus cé a bheidh i mbun nótaí. Cuirfear tús leis an scrúdú ansin.
- Beidh taifeadán ar an mbord agus beidh an scrúdú á thaifeadadh ó thús deireadh.
- Ná bí buartha má bhíonn tú neirbhíseach. Tuigeann na scrúdaitheoirí go mbíonn brú i gceist leis an scrúdú agus déanfaidh siad a ndícheall tú a chur ar do chompord.
- Braitheann fad an scrúdaithe agus na tascanna scrúdaithe ar an leibhéal a bhíonn i gceist. Moltar d’iarrthóirí breathnú ar an ábhar samplach atá ar www.teg.ie le níos mó eolais a fháil ar leagan amach na scrúduithe.
- Déarfaidh an scrúdaitheoir leat nuair a bheidh an scrúdú críochnaithe. Iarrfar ort foirm aischothaithe a chomhlíonadh agus an scrúdú curtha díot. Má tá feitheoir ann, is é an feitheoir a thabharfaidh an fhoirm aischothaithe duit; mura bhfuil feitheoir ann,

tabharfaidh an scrúdaitheoir duit í. Is deis í an fhoirm aischothaithe le do chuid tuairimí faoin scrúdú a roinnt linn.

- Agus sin agat deireadh lá an scrúdaithe! Gheobhaidh tú toradh an scrúdaithe ar ríomhphost 6-8 seachtaine i ndiaidh duit an scrúdú a dhéanamh agus gheobhaidh tú teastas sa phost má éiríonn leat ann. Ar ndóigh, má bhíonn aon cheist agat idir an dá linn, is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag teg@mu.ie nó +353 1 708 3737.
- Bí i dteagmháil linn má fheiceann tú aon bhearnaí san eolas atá sa cháipéis seo.